GNÉ

01

Cé muid féin?

National Youth Council of Ireland

GNÉ
01

Cé muid féin?

Cuireann Gné 1 oibrithe deonacha in aithne don eagraíocht óige ina bhfuil siad ag obair go deonach.



Torthaí Foghlama

Rannpháirtithe:

- Tá siad ar an eolas faoi fhís/ misean/luachanna na heagraíochta (de réir mar is ábhartha) agus faoin dóigh a dtacaíonn siad sin leis an obair le daoine óga.
- Tá a fhios acu cad is Ráiteas Cuspóra ann maidir lena gclub/ grúpa óige.

Bileog Eolais 1.1

Sainmhínithe ar Fhís, Misean, Luachanna & Ráiteas Cuspóra

Fís

Ráiteas faoi thodhchaí inmhianaithe nó roghnaithe na heagraíochta, agus mar atá ag éirí leis an eagraíocht.

Misean

Ráiteas ginearálta ar chuspóir foriomlán na heagraíochta – 'raison d'être' na heagraíochta, cad atá á dhéanamh aici faoi láthair.

Luachanna

Léirítear le ráitis luachanna croíphrionsabail agus eitic na heagraíochta agus léirítear cad atá tábhachtach ag an eagraíocht.

Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha (NQSVYG)

Ba é an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) an tráth sin ar a dtugtar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) anois, a d'fhorbair an NQSVYG in 2013.

Is é an aidhm fhoriomlán leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta sin tacú le grúpaí óige faoi threoir oibrithe deonacha maidir le cláir agus gníomhaíochtaí forbartha/oideachais ardchaighdeáin a chruthú agus a sholáthar do dhaoine óga i dtimpeallachtaí sábháilte agus tacúla.

Tá sé mar aidhm leis na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta:

- feabhas a chur ar cháilíocht na gclár agus na ngníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil.
- feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar cláir agus gníomhaíochtaí a phleanáil agus a sholáthar.
- deis a thabhairt do dhaoine óga cead cainte a bheith acu i bhforbairt agus in athbhreithniú an ghrúpa agus a ghníomhaíochtaí.

Ráiteas Sonrach Cuspóra: (Cad a dhéanann Clubanna/ Grúpaí Óige)

Ráiteas Sonrach Cuspóra (cad a dhéanann Clubanna/Grúpaí Óige)

D'fhorbair an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óga an ráiteas thíos agus leagtar amach ann a bhfuiltear ag súil leis ó ghrúpaí agus ó chlubanna óige do dhaoine óga.

'Is é cuspóir club/grúpa óige timpeallacht shábháilte, thacúil agus thaitneamhach a sholáthar inar féidir le daoine óga páirt a ghlacadh go deonach agus dul chun cinn a dhéanamh i réimse gníomhaíochtaí fóillíochta agus forbartha/oideachais'.

Ráiteas Sonrach Cuspóra (cad a dhéantar, cén fáth agus cé dó)

Is deis í seo do gach grúpa óige a rá cad a dhéanann siad, cén fáth a ndéanann siad é agus cé dó a bhfuil sé. Ba chóir don Ráiteas Cuspóra sin a bheith soiléir agus gonta. Ba chóir go dtacódh sé leis an Ráiteas Ginearálta Cuspóra (thuas) agus leis na Croíphrionsabail agus na Caighdeáin ghaolmhara.

CLEACHTADH
1A

Cleachtadh

Fís, Misean, Luachanna & Ráiteas Cuspóra

Aidhmeanna an Chleachtaidh

- Chun eolas a thabhairt do na rannpháirtithe faoi fhís, misean agus luachanna na heagraíochta.
- Chun eolas a thabhairt do rannpháirtithe faoin Ráiteas Sonrach Cuspóra don chlub/ghrúpa óige.

Treoracha

Tosaíonn an t-oiliúnóir le babhta ina gcuireann na rannpháirtithe aithne ar a chéile agus iarrann sé orthu cén fáth ar chinn siad obair dheonach a dhéanamh leis an eagraíocht sin a insint don ghrúpa.
Cuireann an t-oiliúnóir bileog eolais nó cur i láthair PowerPoint ar fáil don ghrúpa ina bhfuil ráitis maidir le fís, misean agus luachanna na heagraíochta (ag baint leasa as Bileog Eolais 1.1).

I ngrúpaí beaga, iarrtar ar na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas agus é a phlé:

1. Cad a cheap tú ar dtús faoi na ráitis sin?
2. Cad iad na príomhfhocail/príomhfhrásaí a sheasann amach duit?
3. Cén bhaint atá ag fís/misean/luachanna na heagraíochta le do spreagadh féin chun oibriú le daoine óga?

Treoracha
(ar lean)

I ndiaidh roinnt aiseolais, éascaíonn an t-oiliúnóir tuilleadh plé ar an dóigh a dtacaíonn an fhís, an misean agus na luachanna le hobair na heagraíochta, tugann sé/sí roinnt samplaí praiticiúla agus ansin pléann sé/sí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na ráitis sin ar a gcuid oibre.

Ansin, tugann an t-oiliúnóir isteach na Ráitis Ghinearálta agus Shonracha Chuspóra, agus tugann siad maoiniú orthu, de réir na bileoige eolais. Má tá na rannpháirtithe chun obair dheonach a dhéanamh le club/grúpa atá ann cheana, is féidir leis an oiliúnóir an Ráiteas sonrach Cuspóra reatha a chur i láthair. Má tá rannpháirtithe ag obair go deonach le club/grúpa nua, míníonn an t-oiliúnóir go bhforbrófar an Ráiteas sonrach Cuspóra ag deireadh an chláir ionduchtaithe, nuair a bheidh tuiscint níos fearr ag na rannpháirtithe ar a ndéanann a gclub/grúpa óige, an fáth a ndéanann sé é agus cé dó a bhfuil sé.



Acmhainn Úsáideach

Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha.
https://www.youth.ie/wp-content/uploads/2025/01/NQSF-Guidance.pdf